# Gnó na hArdteistiméireachta

Treoirlínte Siollabais Nuashonraithe: Reachtaíocht sa siollabas Gnó

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Bealtaine 2018

# An Clár Ábhar

Forbhreathnú 5

Reachtaíocht nuashonraithe 7

Reachtaíocht ábhartha de réir Aonaid 18

Naisc agus acmhainní úsáideacha 19

# Forbhreathnú

Ní siollabas dlí atá sa siollabas gnó. Mar sin féin, beifear ag súil go mbeidh ar chumas an scoláire éifeachtaí leathana na reachtaíochta sonraithe ar chleachtas gnó a aithint agus a mhíniú, agus na torthaí siollabais ábhartha á gcomhlánú acu.

### Aguisín ó Ghnó na hArdteistiméireachta – Treoirlínte do Mhúinteoirí 1997

*"Reachtaíocht Thábhachtach*

*Is siollabas gnó atá anseo agus ní siollabas dlí. Beifear ag súil go mbeidh ar chumas an scoláire éifeachtaí leathana na reachtaíochta sonraithe ar chleachtas gnó a aithint agus a mhíniú.*

*1. An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 2. An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978 3. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 4. An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977 5. An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 6. An tAcht um Chosaint Sonraí 1988, 7. Acht na gCuideachtaí, 1990 (mar a bhaineann sé le foirmiú cuideachta Phríobháideach Theoranta agus sin amháin).*

*D'fhéadfadh sé go dtabharfaí an t-aguisín seo cothrom le dáta ó am go ham. Cuirfear scoileanna ar an eolas maidir le haon athruithe a bheidh le déanamh 2 bhliain iomlán roimh ré.*

*Scrúdófar na píosaí reachtaíochta sin atá luaite ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal araon agus cuirfear béim ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta.*

*Díreofar ar choimrithe reachtaíochta agus a gcur i bhfeidhm i ngnó in ionad eolas mionsonraithe ar théacs iarbhír na reachtaíochta.*

**TABHAIR FAOI DEARA**

**Ní eiseofar ciorcláin a thuilleadh i ndáil le hathruithe ábhartha sa reachtaíocht.** Mar gheall go bhfuil siollabas an Ghnó dinimiciúil, tá sé de chúram ar an múinteoir a chinntiú go bhfuil eolas ag an scoláire ar na forbairtí is déanaí, le bheith mar bhunús don fhoghlaim agus lena chinntiú go bhfaigheann an scoláire taithí ar fhaisnéis de réir mar a bhaineann sé le cleachtas gnó reatha.

Leanfar ag déanamh scrúdú ar reachtaíocht sa scrúdú stáit. Beidh ar an scoláire eolas agus tuiscint a thaispeáint ar an reachtaíocht is déanaí agus is ábhartha sa scrúdú agus a fhoghlaim a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna aithnidiúla nó coimhthíocha a chuirtear i láthair sa scrúdú. Ó 2020 ar aghaidh, beidh ar an scoláire tagairt a dhéanamh do reachtaíocht reatha ábhartha agus d'institiúidí sa scrúdú. D'fhéadfadh an scoláire marcanna a chailleadh sa scrúdú mar thoradh ar thagairt do reachtaíocht agus institiúidí atá as dáta. I gcás inar athraigh an reachtaíocht ábhartha i rith an dá bhliain díreach roimh

an scrúdú, cumfar ceisteanna ar bhealach ionas go mbeidh an scoláire in ann dul i ngleic leo ar bhunús seasamh na reachtaíochta níos sine nó níos nuaí, gan phionós.

# Reachtaíocht nuashonraithe

**Intreoir maidir le dlíthe tomhaltais**

Comhaontú foirmiúil idir beirt nó níos mó atá infheidhmithe de réir dlí is ea conradh. Nuair a cheannaíonn tú earraí nó seirbhísí, déanann tú conradh leis an díoltóir. Caithfidh gnéithe áirithe a bheith ann le go mbeidh conradh ina cheangal dlí. Is téarmaí a bhíonn i gceist le conarthaí; ar féidir roinnt díobh a bheith ina dtéarmaí intuigthe. Is féidir le conarthaí a bheith scríofa nó ó bhéal. Is furasta na téarmaí i gconradh scríofa a fháil amach ach tá conradh ó bhéal infheidhmithe le dlí chomh maith. Caithfidh téarmaí i gconarthaí tomhaltóra a bheith féaráilte agus soiléir don tomhaltóir i gcónaí.

Tá tomhaltóirí i dteideal cosaint dá gcearta agus leasanna sa dlí. Réimse dlí follasach is ea dlí um chosaint tomhaltóirí in Éirinn, atá bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, agus téann sé i ngleic le cosaint ghinearálta agus cur chun cinn cearta agus leasanna tomhaltóra.

## 1. An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980

Tá sé mar aidhm ag dlíthe tomhaltais a chinntiú go mbíonn dóthain eolais ag an tomhaltóir maidir le praghsanna agus cáilíocht táirgí agus seirbhísí chun roghanna oiriúnacha a dhéanamh maidir le céard a cheannóidh sé. Tá sé mar aidhm le dlíthe tomhaltais freisin a chinntiú go mbíonn earraí sábháilte agus déanta chuig caighdeán inghlactha. Tá conarthaí tomhaltóirí faoi chosaint ag an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.

Faoin Acht seo, tá líon cearta ag an tomhaltóir, lena n-áirítear:

- Caithfidh earraí a bheith de cháilíocht indíolta
- Caithfidh earraí a bhith oiriúnach dá bhfeidhm
- Ní mór go mbeadh earraí mar a rinneadh cur síos orthu.

Nuair a cheannaíonn tú earraí i sladmhargadh, bíonn na cearta céanna agat agus nuair a cheannaíonn tú na hearraí ar an bpraghas iomlán.

Má tá conradh agat le soláthraí seirbhíse is féidir leat a bheith ag súil:

- Go bhfuil na scileanna riachtanacha ag an soláthraí chun an tseirbhís a sholáthar
- Go gcuirfear an tseirbhís ar fáil le cúram agus dúthracht
- Go beidh na hábhair a úsáidtear i gceart agus go mbeidh cáilíocht indíolta leis na hearraí a chuirfear ar fáil leis an tseirbhís.

Is é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) an oifig reachtúil a bhfuil sé de chúram orthu comhairle agus faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí faoina gcearta. Tá an CCPC freagrach as réimse leathan dlíthe um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Ní dhéanann an CCPC idirghabháil ná ní bhíonn sé páirteach i saincheisteanna ná díospóidí aonair idir tomhaltóirí agus díoltóirí nó soláthraithe seirbhíse. Is féidir leis an CCPC comhairle a chur ort má bhíonn fadhb tomhaltóra ar leith agat (feic an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 i gcomhair tuilleadh faisnéise).

## 2. An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007

Foráiltear leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 cosaint don tomhaltóir trí réimse beart. Cosnaíonn an tAcht tomhaltóirí ó chleachtais mhíthreoracha, bhagracha nó choiscthe. Baineann cleachtas míthreorach le faisnéis bhréige, mhíthreorach agus mheallltach a chur ar fáil. Bíonn cosc ar chleachtais mhíthreoracha i gcás ina mbeadh seans ann go lagóidís cumas an ghnáth-thomhaltóra rogha eolach a dhéanamh i ndáil le táirge agus go ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir cinneadh faoi idirbheart nach ndéanfadh sé de ghnáth mar thoradh air.

Faoin Acht, is cion coiriúil é do mhiondíoltóir ar bith éilimh bhréige nó mhíthreoracha a dhéanamh maidir le hearraí, seirbhísí agus praghsanna. Cion atá ann chomh maith earraí a dhíol ar a bhfuil cur síos bréige nó míthreorach. Meastar fógraíocht mhíthreorach, faisnéis mhíthreorach agus faisnéis a choinneáil siar a bheith ina gcleachtais mhíthreoracha.

Foráiltear leis an Acht gur gá praghsanna táirgí áirithe a thaispeáint agus táillí agus cánacha san áireamh.

Cuirtear cosc leis an Acht ar thrádálaithe ó bheith ag gabháil do chleachtais bhagracha cosúil le ciapadh, comhéigean nó tionchar míchuí a úsáid. Áirítear le samplaí de chiapadh brú, imeagla a chur ar dhuine agus leas a bhaint as tomhaltóirí leochaileacha.

Cuirtear an tAcht i bhfeidhm tríd an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC). Tá ról ag Banc Ceannais na hÉireann chun forálacha an Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007 i réimse na seirbhísí airgeadais a fhorfheidhmiú.

## 3. An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014

Bhí foráil san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 do bhunú an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá an ghníomhaireacht tagtha in ionad, agus ghlac sí le feidhmeanna na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an Údaráis Iomaíochta. Is í an fheidhm ghinearálta atá aici leas tomhaltóirí a chur chun cinn agus tá sí freagrach as comhlíonadh le dlíthe tomhaltais a iniúchadh, a fhorfheidhmiú agus a spreagadh.

Tá sainordú déthaobhach ag an CCPC maidir le hiomaíocht agus cosaint tomhaltóirí. **Chun críocha Gnó na hArdteistiméireachta, is iad a cuid feidhmeanna i ndáil le cosaint tomhaltóirí amháin atá ábhartha.** Áirítear le feidhmeanna reachtúla an CCPC i ndáil le dlíthe tomhaltais:

- Sainleasanna agus leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint
- Imscrúduithe a dhéanamh maidir le sáruithe measta ar an dlí um chosaint tomhaltóra
- Dlí um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú
- Comhlíonadh le dlí um chosaint tomhaltóirí a spreagadh.

## 4. An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015

Tháinig an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhar 2015. Cumascadh na cúig chomhlacht um chearta fostaíochta ina dhá chomhlacht:

- Déileálfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre le gach cás sa chéad ásc
- Déileálfaidh an Chúirt Oibreachais le gach cás ar achomharc

Foráiltear leis an Acht do bhunú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) le réimse iomlán feidhmeanna a rinne na comhlachtaí a leanas roimhe seo

- An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), lena n-áirítear Seirbhís um Choimisinéir Cearta,
- Binse Comhionannais,
- An Binse Achomhairc Fostaíochta
- An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA).

Is é an WRC an comhlacht a gcuirtear gach díospóid um chaidreamh tionsclaíoch agus gach díospóid agus gearán maidir le dlí fostaíochta chuige i láthair.

Is í an Chúirt Oibreachais anois an comhlacht achomhairc aonair le haghaidh gach achomharc um chaidreamh san áit oibre i gcoinne cinntí Oifigeach Breithnithe WRC. Is féidir achomharc a dhéanamh ar chinntí na cúirte oibreachais chuig an Ard-Chúirt, ach ar phointe dlí amháin.

Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faisnéis ar fáil maidir le caidreamh tionsclaíoch agus cearta agus dualgais faoi reachtaíocht fostaíochta agus comhionannais na hÉireann.

Tá freagracht ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre as na nithe seo a leanas, i measc feidhmeanna eile:

- feabhas na gcaidreamh san ionad oibre, agus cothú dea-chaidreamh san ionad oibre a chur chun cinn
- comhlíonadh na n-achtachán ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh,
- faisnéis a chur ar fáil do bhaill an phobail i ndáil le fostaíocht.

Mar gheall ar bhunú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, rinneadh leasuithe leis an Acht Caidrimh Thionscail, 1990, leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 agus leis an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015. Déanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre breithniú sa chéad ásc ar fhormhór na n-achomharc faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990, faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015. Déanann an Chúirt Oireachais breith ar gach achomharc.

Is féidir gearáin i ndáil le sáruithe ar reachtaíocht fostaíochta, comhionannais agus stádais chomhionann a chur i láthair/atreorú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

### Cuireann an WRC na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

### Seirbhís Chomhairleach

Cuireann Seirbhís Chomhairleach an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre dea-chleachtas san áit oibre chun cinn trí chabhair agus chomhairle a chur ar fail d'eagraíochtaí i ngach gné de chaidreamh tionsclaíoch san ionad oibre. Téann sé i ngleic le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe le cabhrú leo cleachtais, nósanna imeachta agus struchtúir um chaidreamh tionsclaíoch éifeachtacha a fhorbairt. D'fhéadfaí a áireamh leis an gcabhair sin athbhreithniú nó forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha san áit oibre i réimsí cosúil le gearáin, smacht, cumarsáid agus comhairliúchán.

### Comhréiteach

Próiseas deonach is ea comhréiteach ina n-aontaíonn na páirtithe le díospóid leas a bhaint as tríú páirtí neodrach agus neamhchlaonta le cuidiú leo a ndeacrachtaí um chaidreamh tionsclaíoch a réiteach. Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre seirbhís chomhréitigh ar fáil trí Oifigigh um Chaidreamh Tionsclaíoch (IRO nó Oifigeach Comhréitigh) de chuid an Choimisiúin a chur ar fáil le bheith mar chathaoirleach ar 'chomhdhálacha comhréitigh'. Is é atá i gcomhdhálacha comhréitigh go bunúsach, síneadh le próiseas na n-idirbheart díreach, le cathaoirleach neamhspleách i láthair chun cainteanna a stiúradh agus bealaí féideartha chun réiteach a fháil ar bhealach nach bhfuil dochrach a fhiosrú. Tá rannpháirtíocht sa phróiseas comhréitigh deonach, mar atá na torthaí a eascraíonn as. Ní shroichtear réitigh ach má aontaíonn gach duine, trí idirbheartaíocht agus comhaontuithe a éascaíonn na páirtithe eatarthu féin, nó má aontaíonn na páirtithe téarmaí réitigh a mholann an tOifigeach Comhréitigh.

Tá an próiseas comhréitigh neamhfhoirmiúil ina chleachtas. Tá cead ag na páirtithe ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó duine a chur ina n-ionad ó cheardchumann nó eagraíochtaí fostóra. Ní chreideann an Coimisiún go n-éilíonn an cineál próisis atá i gceist ionadaíocht dhlíthiúil do cheachtar páirtí ag cruinnithe comhréitigh.

## Eadráin

Déantar iarracht trí eadráin teacht ar chomhaontú idir na páirtithe, seachas trí iniúchadh nó éisteacht nó cinneadh foirmiúil. Cuireann an WRC seirbhís eadrána ar fáil i gcásanna áirithe chun réiteach gearán/díospóidí a éascú nuair is féidir ag céim luath agus gan breithniú a úsáid.

Tugann an tOifigeach Eadrána cumhacht do na páirtithe a gcomhaontú féin a idirbheartú ar bhonn soiléir agus eolach. Tá an próiseas deonach agus féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis ag céim ar bith.

I gcás go n-éiríonn le hiarracht ar eadráin, taifeadfaidh an t-oifigeach eadrána téarmaí an chomhaontaithe i scríbhinn. Má tá na páirtithe ar fad sásta go léiríonn an taifead go beacht téarmaí an réitigh, síneoidh siad an taifead.

I gcás nach n-éiríonn le hiarracht ar eadráin, cuirfidh an t-oifigeach eadrána Ard-Stiúrthóir an WRC agus na páirtithe ar fad ar an eolas i scríbhinn. Cuirfear an gearán nó díospóid faoi bhráid Oifigigh Bhreithnithe lena bhreithniú.

## Breithniú

Tá Oifigigh Bhreithnithe sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) neamhspleách go reachtúil ina ndualgais chinnteoireachta. Is é ról an Oifigigh Bhreithnithe éisteacht a reáchtáil ina dtugtar deis don dá pháirtí éisteacht a fháil ó Oifigeach Breithnithe agus aon fhianaise a bhaineann leis an ngearán a chur i láthair. Ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithnithe aon iarracht eadráin nó comhréiteach a dhéanamh ar an gcás. Is féidir leis na páirtithe duine a bheith leo nó ionadaíocht a bheith acu ag éisteachtaí, mar shampla oifigeach ó cheardchumann, aturnae ag cleachtadh nó dlíodóir ag cleachtadh.

Déanfaidh an tOifigeach Breithnithe cinneadh ansin ar an gceist agus tabharfaidh sé cinneadh i scríbhinn i ndáil leis an ngearán. Féadfar na nithe seo a dhéanamh sa chinneadh:

- dearbhú cibé an raibh nó nach raibh bunús le gearán an ghearánaí,
- éileamh ar an bhfostóir cloí leis an bhforáil/forálacha ábhartha,
- éileamh ar an bhfostóir pé cúiteamh atá cóir agus cothrom sna cúinsí a dhéanamh, lena n-áirítear cúiteamh airgid a bhronnadh.

Féadfaidh páirtí leis an ngearán achomharc a dhéanamh ó chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe chuig an gCúirt Oibreachais.

### Comhlíonadh/Seirbhís Cigireachta

Tugann cigirí cuairt ar áiteanna fostaíochta agus déanann siad imscrúduithe thar ceann an WRC lena chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh reachtaíochta a bhaineann le comhionannas agus fostaíocht. Baineann imscrúduithe den chineál seo le scrúdú a dhéanamh ar leabhair, ar thaifid agus ar cháipéisí a bhaineann le fostaíocht, agus agallaimh a dhéanamh le fostaithe agus fostóirí reatha agus atá imithe. I gcás ina n-aimsítear sáruithe ar an reachtaíocht, féadfaidh Cigire Fógra Comhlíonta nó Fógra Íocaíochta Seasta a eisiúint d'fhostóir.

### Cinntí a Fhorfheidhmiú

Má theipeann ar fhostóir cinneadh Oifigeach Breithnithe ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, nó cinneadh de chuid na Cúirte Oibreachais ag eascairt as achomharc ar chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe a chur i gcrích, laistigh den am a leagtar amach, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche i gcomhair ordaithe chun an Fostóir a threorú chun an cinneadh a chur i gcrích. Is féidir leo seo a leanas iarratas a dhéanamh:

- An Fostaí/Gearánaí (nó ionadaí dlíthiúil ar a shon)
- Ceardchumann, le toiliú ón bhfostaí, nó
- Comhlacht le heisceacht a bhfuil an fostaí/gearánaí ina bhall de.

I gcás cinneadh Oifigeach Breithnithe, is féidir an t-iarratas chuig an gCúirt Dúiche a dhéanamh tar éis tréimhse 56 lá ón dáta ar eisíodh an cinneadh chuig na páirtithe. Caithfidh tréimhse 42 lá a bheith imithe thart ón dáta ar eisíodh cinneadh na Cúirte Oibreachais chuig na páirtithe sular féidir iarratas a dhéanamh i ndáil leis an gcinneadh sin.

## 5. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990

Tá formhór an dlí ar dhíospóidí trádála agus gníomhaíocht thionsclaíoch le fáil san Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Ciallaíonn díospóid trádála (nó aighneas ceirde san Acht) "aon díospóid idir fostóirí agus oibrithe atá bainteach le fostaíocht nó neamhfhostaíocht, nó le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta, aon duine nó le téarmaí nó coinníollacha a dhéanann difear d'fhostaíocht aon duine." Is é is gníomhaíocht thionsclaíoch (nó gníomh tionscail) aon ghníomh a dhéanann difear, nó ar dóigh dó difear a dhéanamh, do théarmaí conartha, a ghlacann oibrithe le chéile chun tabhairt ar an bhfostóir "glacadh nó gan glacadh le téarmaí nó coinníollacha a dhéanfadh difear d'fhostaíocht". Áirítear le

samplaí de ghníomhaíocht thionsclaíoch oibriú de réir rialach, picéad, cosc ar ragobair nó stailc. (Alt 8; An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990, irishstatutebook.ie).

Tá ceart bunreachtúil ag fostaithe a bheith i gceardchumann. D'fhéadfadh sé a bheith ina choinníoll le fostaíocht gur gá duit a bheith mar bhall de cheardchumann áirithe má ghlacann tú leis an bpost agus fanacht sa cheardchumann sin chomh fada is a fhanann tú sa phost. Tá tuairim ann nach bhfuil sé seo bunreachtúil, ach níor tástáladh sna cúirteanna é seo go fóill. Má tá tú i bpost cheana gan a bheith i gceardchumann agus má éilíonn d'fhostóir ort níos déanaí a bheith mar bhall de cheardchumann, féadfaidh tú diúltú, mar tá riachtanas den chineál sin míbhunreachtúil.

Éisteann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gearáin faoi dhífhostú nó íospairt mar gheall ar bhallraíocht ceardchumainn.

### 6. An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tagann na hAchtanna seo in ionad an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1977. Eisreachtaínn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíocht 1998-2015 idirdhealú i raon leathan réimsí fostaíochta agus réimsí a bhaineann le fostaíocht. Áirítear orthu sin earcú agus ardú céime; pá cothrom; coinníollacha oibre; oiliúint nó taithí; dífhostú agus ciapadh lena n-áirítear ciapadh gnéasach. Sainmhínítear idirdhealú sa reachtaíocht mar chaitheamh le duine amháin ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach agus a caitheadh le duine eile, nó a chaithfí le duine eile i gcás den chineál céanna ar naoi bhforas. Éisteann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gearáin faoin Acht seo.

### 7. Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015

Forlíonann na hAchtanna seo na rialacha a rialaíonn dífhostú san Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Leagann siad amach na cúinsí inar féidir le dífhostú éagórach tarlú. Éisteann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gearáin faoin Acht seo.

### 8. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

D'fhorlíon an tAcht um Chosaint Sonraí 2003 an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988. Tá sé de cheart ag aon duine na nithe seo a fháil amach

(i) Má tá sonraí pearsanta á choinneáil ag eagraíocht fúthu agus, má tá,

(ii) Iarratas a dhéanamh ar chóip dá gcuid sonraí pearsanta.

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí a chinntiú go seastar le cearta duine aonair agus go mbíonn meas ag rialaitheoirí sonraí ar na rialacha um chosaint sonraí.

Ón 25 Bealtaine 2018, tagann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) in ionad na ndlíthe reatha um chosaint sonraí san Aontas Eorpach.

Tugtar smacht níos mó sa dlí nua do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí féin trí chearta breise agus atá sainmhínithe níos soiléire a leagan amach do dhaoine aonair a mbailíonn agus a bpróiseálann eagraíochtaí a gcuid sonraí pearsanta. Cuireann an GDPR oibleagáidí níos mó ar eagraíochtaí a bhailíonn na sonraí seo freisin.

Is ionann sonraí pearsanta agus aon fhaisnéis lenar féidir duine aonair a aithint. Áirítear anseo ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh (mar shampla, sonraí suímh a bhailítear le guthán soghluaiste) nó seoladh poist, stair bhrabhsála ar líne, íomhánna nó aon ní a bhaineann le haitheantas fisiciúil, síceolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta duine.

Tá an GDPR bunaithe ar chroí-phrionsabail um chosaint sonraí atá ann faoin dlí reatha. Éilíonn na prionsabail ar eagraíochtaí agus ar ghnólachtaí:

- nach mó sonraí ná mar atá riachtanach a bhailiú ó dhuine aonair chun na críche dá n-úsáidfear iad
- sonraí pearsanta a fháil ó dhuine aonair trí fhógra a thabhairt dó maidir lena mbailiú agus an cuspóir ar leith atá leis
- gan na sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar atá riachtanach chun na críche sonraithe sin
- sonraí a choinneáil sábháilte agus slán, agus
- cóip dá chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil do dhuine aonair má iarrann sé sin.

Faoin GDPR tá sé de cheart ag daoine aonair:

- sonraí a fháil faoin gcaoi a phróiseálann eagraíocht nó gnólacht a shonraí,
- cóipeanna a fháil de na sonraí pearsanta a choinníonn eagraíocht faoi,
- sonraí míchearta nó neamhiomlána a cheartú,
- go scriosfadh eagraíocht a shonraí, i gcás, mar shampla, nach bhfuil aon chúis cheart ag an eagraíocht chun na sonraí a choinneáil,
- a chuid sonraí a fháil ó eagraíocht agus na sonraí sin a sheoladh chuig eagraíocht eile (Iniomparthacht Sonraí),
- agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil a chuid sonraí ag eagraíocht i gcúinsí áirithe.

Éilítear ar eagraíochtaí agus ar ghnólachtaí a bhailíonn agus a phróiseálann sonraí pearsanta caighdeán an-ard a shásamh sa chaoi a bhailíonn, a úsáideann agus a chosnaíonn siad sonraí. Rud atá an-tábhachtach is ea gur gá d’eagraíochtaí a bheith iomlán trédhearcach le daoine aonair faoin gcaoi a

bhfuil sonraí pearsanta á n-úsáid agus á gcosaint acu, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis seo a chur ar fáil ar bhealach inrochtana go héasca, achomair, éasca le tuiscint agus i dteanga shoiléir.

D'eagraíochtaí agus gnólachtaí a sháraíonn an dlí, tá cumhachtaí níos láidre á dtabhairt don Choimisinéir um Chosaint Sonraí (DPC) chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm lena n-áirítear an chumhacht chun fíneálacha a ghearradh. Faoin dlí nua, beidh an DPC in ann fíneáil suas le €20 milliún a ghearradh ar eagraíochtaí (nó 4% den láimhdeachas domhanda iomlán) as na sáruithe is tromchúisí.

Ceadóidh an GDPR do dhaoine aonair freisin cúiteamh a lorg trí na cúirteanna as sáruithe ar a gcearta um phríobháideacht sonraí, lena n-áirítear i gcúinsí nach raibh aon damáiste ábhartha ná caillteanas airgeadais i gceist.

## 9. Acht na gCuideachtaí 2014.

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2015. Bhí an tAcht seo ar cheann de na hathchóirithe ba mhó ar dhlí na gcuideachtaí in Éirinn. Comhdhlúthaíonn Acht na gCuideachtaí 2014 an 17 Acht na gCuideachtaí reatha, ó 1963 go 2013, ina Acht amháin agus tugann sé isteach freisin roinnt athchóirithe, a dearadh ionas go mbeadh sé níos éasca cuideachta a fheidhmiú in Éirinn. Chun críocha Gnó na hArdteistiméireachta, níl tuiscint ar na hAchtanna ábhartha ach mar a bhaineann sé le cruthú cuideachta phríobháideach theoranta.

Foráiltear san Acht do chruthú dhá chineál cuideachta phríobháideach theoranta:

- cuideachta faoi theorainn scaireanna (Teo) – táthar ag súil gurb iad seo na cuideachtaí is forleithne a úsáidfear; agus
- cuideachta gníomhaíochta sainithe (DAC) – is mó cosúlacht atá acu seo leis na cuideachtaí príobháideacha teoranta atá ann faoi láthair

### Forbhreathnú ar na Gnéithe:

| Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna (Teo) | Cuideachta Gníomhaíochta Sainithe (DAC) |
|---|---|
| Caithfidh an t-ainm críochnú le Teoranta nó Teo. | Caithfidh an t-ainm críochnú le Cuideachta Gníomhaíochta Sainithe nó DAC |
| 1 stiúrthóir ar a laghad | 2 stiúrthóir ar a laghad |
| 1 – 149 scairshealbhóir | 1 – 149 scairshealbhóir |
| Ní gá dóibh CCB a reáchtáil | Caithfidh siad CCB a reáchtáil |

| | |
|---|---|
| Níl aon riachtanas do scairchaipiteal údaraithe: Níl aon teorainn ar an líon scaireanna is féidir leo a eisiúint. | Caithfidh scairchaipiteal údaraithe a bheith acu |
| Airteagail Chomhlachais amháin: Ní bheidh aon chlásal oibiachtaí sa cháipéis seo mar sin ní bheidh srian ar an méid is féidir leis an gcuideachta a dhéanamh. | Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais: An cumas chun an clásal oibiachtaí sa Mheabhrán a theorannú |

**Bunreacht:** Tá bunreacht de cháipéis amháin ag cuideachta faoi theorainn scaireanna (Teo.). Airteagail chomhlachais a bhíonn anseo. Leagtar amach sa cháipéis seo na coinníollacha ar a mbronntar ionchorprú don chuideachta. Caithfidh forálacha a bheith ann ag déileáil le cúrsaí áirithe e.g. ainm na cuideachta. Tá bunreacht de dhá cháipéis ag cuideachta gníomhaíochta sainithe (DAC) ina bhfuil meabhrán agus airteagail chomhlachais.

**CCB:** Tá forálacha i ndáil le cruinnithe scairshealbhóirí simplithe go mór agus tá an riachtanas chun cruinniú cinn bhliana a reáchtáil roghnach do Chuideachta faoi Theorainn Scaireanna (Teo) agus ceadaítear fógra maidir le cruinniú ginearálta a smeachadh trí mheán leictreonach.

**Stiúrthóirí:** Beidh cuideachtaí príobháideacha teoranta i dteideal stiúrthóir aonair a bheith acu ach caithfidh gach cuideachta oifig rúnaí na cuideachta a choinneáil. Caithfidh ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith ag cuideachtaí gníomhaíochta sainithe. Tá dualgais reatha dlí coiteann stiúrthóirí códaithe ina n-ocht bpríomhdhualgas a bhaineann le gach stiúrthóir lena n-áirítear scáth-stiúrthóirí agus stiúrthóirí de facto.

**Scairshealbhóirí:** Is ionann an t-uasmhéid scairshealbhóirí i gcuideachta phríobháideach theoranta agus i gcuideachta gníomhaíochta sainithe agus 149.

**Dliteanas Teoranta:** Foirm dhlíthiúil d’eagraíocht ghnó is ea cuideachta. Is aonán dlí ar leith é agus, dá bhrí sin, tá sé ar leithligh agus leithleach uathu siúd a ritheann é. Is í an chuideachta (agus ní na scairshealbhóirí aonair) an duine cuí le hagairt a dhéanamh air i gcás go dtabhaíonn an chuideachta fiacha a fhágtar gan íoc, in ainneoin éileamh a dhéanamh orthu.

Is leis na scairshealbhóirí na scaireanna i gcuideachta. Más cuideachta le dliteanas teoranta atá sa chuideachta, tá dliteanas na scairshealbhóirí, dá dteipfeadh ar an gcuideachta, teoranta don mhéid, más ann de, atá fós gan íoc ar na scaireanna atá ina seilbh.

**Clárú:** Is féidir le cuideachtaí clárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO). Is é an CRO an stór lárnach d’fhaisnéis reachtúil poiblí maidir le cuideachtaí Éireannacha. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI).

Ceadaíonn Acht na gCuideachtaí 2014 go ginearálta do dhuine amháin nó níos mó cuideachta phríobháideach a bhunú chun aon chríche dlíthiúil trí suibscríobh le bunreacht. Beidh uasmhéid 149 scairshealbhóir ag cuideachta phríobháideach.

**Ainmneacha cuideachtaí:** tá srianta maidir le hainm cuideachta a roghnú. D’fhéadfadh an CRO ainm a dhiúltú má:

- tá sé mar a chéile nó cosúil le hainm atá ar chlár na gcuideachtaí cheana féin
- tá sé maslach
- thugann sé urraíocht stáit le fios

# Reachtaíocht ábhartha de réir Aonaid

Tugtar an reachtaíocht le fios sna haonaid is mó ina bhfuil sí ábhartha, ach, d'fhéadfadh an reachtaíocht cuir isteach ar aonaid eile.

**Achtanna ábhartha d'Aonad 1**

- An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007
- An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014
- An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015
- An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990
- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015
- An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018

**Achtanna ábhartha d'Aonad 3**

- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018

**Achtanna ábhartha d'Aonad 4**

- An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015
- An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990

**Achtanna ábhartha d'Aonad 5**

- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007
- An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014

**Achtanna ábhartha d'Aonad 6**

- Acht na gCuideachtaí 2014

# Naisc agus acmhainní úsáideacha

Cuirtear roinnt naisc ar fáil chuig cuid na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair chun gnéithe reachtúla de Ghnó ag an Ardteistiméireacht a theagasc. Níl an liosta seo uileghabhálach ná iomlán in aon chor agus is éard atá ann ná iarracht le roinnt ábhar atá oiriúnach le húsáid ag múinteoirí agus ag an scoláire a sholáthar.

- Faisnéis do Shaoránaigh: citizensinformation.ie
- An Oifig um Chlárú Cuideachtaí: cro.ie
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí: ccpc.ie
- An Coimisinéir um Chosaint Sonraí: dataprotection.ie
- Leabhar Reachtanna na hÉireann: Irishstatutebook.ie
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: pdst.ie
- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre: workplacerelations.ie

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Bealtaine 2018